Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 27

# Comhar Idirnáisiúnta

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar Chúnamh Forbartha Oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith agus ar ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.087 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas an méid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Tá an luach tugtha anonn maidir le talamh agus foirgnimh a áirítear sna sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a rinneadh in 2005 arna gcoigeartú ag:

- Feabhsúcháin ar thalamh agus ar fhoirgnimh ón mbliain 2005 a léirítear ag costas
- Talamh agus foirgnimh a fuarthas ón mbliain 2005 a léirítear ag costas chomh maith.

***Dímheas***

Rinneadh dímheas ar fheithiclí de réir méid chothroim ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta rátaí malairte***

Aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí inmhalartaithe go Euro ag an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal cláir misin na tíre, aistrítear na hidirbhearta sin a eascraíonn ar airgeadraí neamh-inmhalartaithe go Euro ag ráta malartaithe an mhargaidh a bhíonn i bhfeidhm ag tús na míosa sin.

***Aisíocaíochtaí deontas***

Déantar aisíocaíochtaí deontais a maoiníodh ón gciste comhoibriú déthaobhach agus cúnaimh daonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm. Áirítear na h-eilimintí seo a leanas ann:

- Deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta.
- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí thréimhsiúil airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha soláthair ar fad. Tá dhá conradh, a bhfuil luach €179,261 leo san áireamh i dtuairisceán chiorclán 40/02 de bharr go sáraíonn siad an tairseach tuairiscithe €25,000 agus bronnadh iad (inter alia) gan dul i mbun próiseas iomaíoch. Meastar an dá chonradh a bheith neamh-iomaíoch ach comhlíontach. Níor cuireadh na conarthaí seo ar tairiscint mar gur bhain ceann díobh le seirbhísí ICT dílsithe (€142,905) agus bhain an ceann eile (€36,356) le cás nach raibh ach soláthróir cuí amháin ar fáil ina leith. Déanfaidh foireann soláthair mo Roinne na conarthaí sin a athbhreithniú le linn 2019.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithním na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialaithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar a leagtar amach thuas, agus cuireann na rialaithe seo a leanas leo sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt linn mar atá leagtha amach thíos.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú***

Chomh maith leis na rialaithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialaithe seo a leanas i bhfeidhm sna Príomhthíortha atá i gComhpháirt chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú

- Chomh maith leis an Ambasadóir, tá Ceann Forbartha atá freagrach as an gclár cúnaimh a bhainistiú, ag gach ambasáid.
- Chomh maith leis an Ambasadóir agus an Ceann Forbartha, áiríonn struchtúr bainistíochta na hambasáide speisialtóirí forbartha agus bainisteoirí/comhairleoirí cláir le taithí agus cáilíochtaí sna réimsí ábhartha acu.
- Tá próiseas ceadaithe agus pleanála láidir, ilbhliantúil ann do gach clár tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar Straitéis Misin a chlúdaíonn leas pholaitíochta, trádála agus forbartha na hÉireann i ngach cás. Meastar gach Straitéis Misin ar dtús trí próiséas seachtarach neamhspleách deimhniú cáilíochta roimh a cheadaithe; cuirtear é faoi réir athbhreithniú lártéarma ar dul chun cinn i gcoinne aidhmeanna agus cuspóirí; agus déantar measúnú air trí mheastóireacht deiridh neamhspleách roimh an gcéad timthriall straitéise eile.
- Tá próiseas pleanála gnó bliantúil láidir ar bun ag gach misean lena n-áirítear aithniú agus measúnú rioscaí maidir le cur i bhfeidhm plean gnó agus na rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus cláir rioscaí a fhorbairt i gcomhar leis an gceannoifig, agus déantar monatóireacht orthu agus iad a thabhairt cothrom le data, más gá, ar bhonn ráithiúil.
- Tá feidhm airgeadais áitiúil ag gach ambasáid, faoi cheannas cheann airgeadais cuícháilithe, a thuairiscíonn chuig an Ambasadóir agus chuig an Roinn Airgeadais san cheannoifig araon.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus deontais.
- Tá iniúchóirí inmheánacha i láthair i ngach ambasáid, a thuairiscíonn don Ambasadoir, agus a bhfuil a gcuid oibre iniúchta inmheánaigh déanta mar chuid de straitéis/plean oibre foriomláin iniúchta inmheánaigh na Roinne faoi bhainistíocht an Aonaid Iniúchta agus Meastóireachta. Mairsíonn an Aonaid Iniúchta agus Meastóireachta an obair agus cintíonn sé go ndéantar é i gcomnhréir le caighdeáin iniúchta inmheánaigh idirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, tá córais láidre pleanála gnó i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí sa cheannoifig i ndáil le cúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, iltaobhach agus sochaí shibhialta), ina measc an buiséad foriomlán a cheadú ag an gCoiste Cúnamh Forbartha idir-rannach, monatóireacht ar chaiteachas ag an Grúpa Bainistíochta Sinsearach ar bhonn míosúil, agus nósanna imeachta láidre bainistíochta deontas roimh dháileadh na ndeontas agus ina dhiaidh.

Tá béim ar leith leagtha ar na córais bainistithe riosca a neartú thar an chláir chúnaimh le fócas ar rioscaí agus rialaithe inmheánacha cuí a aithint maidir le gach gné dár gcláir. Tá an córas bainistithe riosca deartha chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathraithe i bpróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a ghlacadh a luaithe agus is féidir.

Forbraíodh an Modh Caighdeánach le Bainistiú Deontais don chlár chúnaimh agus ceadaíodh é ag an Grúpa Bainistíochta Sinsearach agus curtha i bhfeidhm ag an Roinn le héifeacht ó 1 Eanair 2018. Ba chóir go cinntóidh an caighdeán seo leanúnachas i modhanna bainistíochta deontais ar fud an chláír.

Táim tiomanta a chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcóras aitheanta agus bainistithe riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bhainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla.

Ní mór dom bheith ag brath ar Litir Dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtaítear na rialaithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí I bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta ceithre huaire sa bhliain ar a laghad. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal iarmharach inghlactha. Comh maith, déanann an Aonad Iniúchta agus Meastóireachta athbreithnithe tráthrialta ar chóras bainistíochta riosca na Roinne mar chuid dá plean iniúchta inmheánaigh ilbhliaintúil.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánacha airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2018, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

26 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil arna tíolacadh ar Thithe an Oireachtais

## Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Comhar Idirnáisiúnta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Cúnamh daonnúil a sholáthar*

Pléitear i gCaibidil 8 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2018 le rialuithe ar cúnamh daonnúil a chistiú.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2019

# Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Chláir** | | | | | |
| A | Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais | | | | |
| | *Bunaidh* | 500,126 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,350 | | | |
| | | | 515,476 | 514,459 | 484,280 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 500,126 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,350 | | | |
| | | | 515,476 | 514,459 | 484,280 |
| | *Bain de* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,170** | **1,240** | **1,340** |
| | **Glabchaiteachais** | | | | |
| | *Bunaidh* | 498,956 | | | |
| | *Forlíontach* | 15,350 | | | |
| | | | **514,306** | **513,219** | **482,940** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid fheidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le géilleadh | 1,087,489 | 2,554,142 |

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

26 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 486,524 | 458,314 |
| Pá | | 15,597 | 13,857 |
| Neamhphá | | 12,338 | 12,109 |
| **Ollchaiteachas** | | **514,459** | **484,280** |
| Lúide | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,240** | **1,340** |
| **Glanchaiteachas** | | **513,219** | **482,940** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (830) | | |
| Diúscairtí airgead tirim | 61 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (57) | | |
| Dímheas | 468 | | |
| | | (358) | (282) |
| **Changes in net current assets** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (4) | | |
| Laghdú i stoc | 29 | | |
| | | 25 | 1,989 |
| **Caiteachas díreach** | | **512,886** | **484,647** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 19 | — |
| | | | |
| **Costas chláir ghlan** | | **512,905** | **484,647** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 27 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 19 | — |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 11,639 | 11,281 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | | 32 | 61 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,347 | 1,282 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 183 | 120 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.5 | 8,195 | (892) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 9,757 | 571 |
| **Less current liabilities** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,464 | (5,729) |
| Costais fhabhraithe | | 263 | 202 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 298 | 244 |
| Cuntas maoinithe (deontas) dhéthaobhaigh agus chúnamh eile | 7 | 6,616 | 4,713 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 8,641 | (570) |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,116 | 1,141 |
| **Glansócmhainní** | | **12,755** | **12,422** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **12,755** | **12,422** |

### 2.1 Cuntas maoiniú stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 12,422 | 11,774 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 514,306 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,087) | | |
| Vóta glan | | | 513,219 | 482,940 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 19 | — |
| Sócmhainní aistrithe ó Vóta 28 | | | — | 2,982 |
| Coigeartú sócmhainní seasta | | | — | (627) |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (512,905) | (484,647) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **12,755** | **12,422** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh | Troscán agus feistis | Feithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag1 Eanáir 2018 | 10,446 | 1,577 | 813 | 2,679 | 15,515 |
| Breiseanna | 41 | 107 | 6 | 676 | 830 |
| Diúscairtí | — | (157) | (47) | (386) | (590) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 10,487 | 1,527 | 772 | 2,969 | 15,755 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | — | 1,326 | 723 | 2,185 | 4,234 |
| Dímheas don bhliain | — | 113 | 21 | 334 | 468 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (156) | (44) | (386) | (586) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | — | 1,283 | 700 | 2,133 | 4,116 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **10,487** | **244** | **72** | **836** | **11,639** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 10,446 | 251 | 90 | 494 | 11,281 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid PMG | (1,780) | 5,242 |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála[a] | 316 | 487 |
| | **(1,464)** | **5,729** |

Nóta [a] Ina theannta sin, déantar iarmhéideanna bainc i ndáil le misin arb ionann iad agus €1.2 milliún a choinneáil i gcuntais bainc arna rialú ag ambasáidí Éireannacha agus ag oifigí Chúnamh Éireannacha i naoi dtír.

## 2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Ghairmiúla | 105 | 54 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | 1 |
| | 106 | 55 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 192 | 189 |
| | **298** | **244** |

## 2.5 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 1,087 | 2,554 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (9,282) | (1,662) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **(8,195)** | **892** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 183 | 120 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (1,464) | 5,729 |
| Dlite don Stát | (106) | (55) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (192) | (189) |
| Cuntas maoinithe (deontas) dhéthaobhaigh agus chúnamh eile | (6,616) | (4,713) |
| | (8,378) | 772 |
| | **(8,195)** | **892** |

## 2.6 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais cíosa | 3,886 | 2,640 [a] |

Nóta [a] Roimhe seo, ba iad ceangaltais cíosa iad siúd a bhí le híoc bliain roimh ré. Anois, déantar gach ceangaltas a áireamh, athluadh an figiúr comparáide ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha, chun na méideanna ar fad atá iníoctha a áireamh faoi chonarthaí is féidir a fhorfheidhmiú de réir an dlí.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 16,261 | 15,597 | 13,857 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 1,700 | 1,857 | 1,651 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 1,800 | 1,990 | 1,644 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 1,550 | 1,166 | 1,148 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtaracha | | 1,420 | 1,140 | 1,217 |
| vi | Costais áitreabh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,430 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,650) | | | |
| | | | 4,780 | 4,105 | 4,423 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 500 | 123 | 208 |
| viii | Tacaíocht maidir le cur chun cinn agus cóiríocht | | 1,800 | 1,957 | 1,818 |
| | | | **29,811** | **27,935** | **25,966** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €16.261 milliún, toradh: €15.597milliún

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar fholúntais a líonadh de bharr an méid ama a ghlacann sé próiseas cuimsitheach earcaíochta a chur i gcrích a raibh gannchaitheamh €664,000 sa chaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €1.55 milliún, toradh: €1.166 milliún

Ba mar thoradh ar choigilteas a bhaint amach ar chostais satailíte agus cumarsáide a raibh gannchaitheamh €384,000 i ndáil le seirbhísí poist agus teileachumarsáide.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €6.43 milliún, toradh: €4.105 milliún

Ba mar thoradh ar mhoill a bheith ar thús a chur le hoibreacha forbartha caipitil a raibh gannchaitheamh €2.325 milliún i ndáil le speansais a bhain le háitreabh oifige agus baineadh úsáid as an easnamh sin sa chaiteachas chun an leithroinnt fhorlíontach a bhí de dhíth i leith Chlár A a laghdú.

*vii* *Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe*

Soláthar mheastacháin: €500,000, toradh: €123,000

Ba mar thoradh ar an ngá a bhí le seirbhísí ginearálta comhairleoireachta a bheith níos ísle ná mar a measadh a raibh gannchaitheamh €377,000 i gceist maidir le seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe.

## Clár A Obair ar an mbochtanas agus ar laghdú an ocrais

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Estimate provision | | Outturn | Outturn |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 16,261 | 15,597 | 13,857 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,650) | | | |
| | | | | 13,550 | 12,338 | 12,109 |
| A.3 | Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 374,442 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,200 | | | |
| | | | | 384,642 | 384,642 | 367,854 |
| A.4 | Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 57,271 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,500 | | | |
| | | | | 60,771 | 60,757 | 53,200 |
| A.5 | Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 36,952 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,300 | | | |
| | | | | 40,252 | 41,125 | 37,260 |
| | | | | **515,476** | **514,459** | **484,280** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €14.333 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh (ar dtús). Cuireadh meastachán forlíontach €15.35 milliún ar fáil d'fhonn sprioc ODA/GNI % an Rialtais don bhliain éascú. Tá an t-athrúchán €3.526 milliún i ndáil le caiteachas riaracháin mínithe cheana féin. Ba mar thoradh ar na nithe seo a raibh iarmhéid an athraithe den chuid is mó.

*A.4 Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa na dtíortha i mbéal forbartha*

Soláthar mheastacháin: €57.271 milliún, toradh: €60.757 milliún

Cuireadh an leithroinnt fhorlíontach €3.5 milliún ar fáil chun tacú le Cistí Iontaobhais an AE, a bhfuil íocaíochtaí chuig Saoráid Teifeach na Tuirce mar chuid de.

*A.5 Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile*

Soláthar mheastacháin: €36.952 milliún, toradh: €41.125 milliún

Cuireadh an leithroinnt fhorlíontach €3.3 milliún ar fáil d'Eagraíochtaí NA d'fhonn tacú le príomhthosaíochtaí a thacaíonn le cearta daonnúla, comhionannas inscne agus cearta leanaí.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Leithreasaí-i-gcabhair | 450 | 659 | 846 |
| 2. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 720 | 581 | 494 |
| | Iomlán | **1,170** | **1,240** | **1,340** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €70,000 níos mó ná an meastachán.

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

1 *Leithreasaí-i-gcabhair*

Soláthair mheastacháin: €450,000, toradh: €659,000

Bhí méadú €209,000 mar thoradh de bharr tháillí pasanna/consalachta a bheith níos airde ná mar a bhí measta, táillí atá bunaithe ar éileamh, agus aisíocaíochtaí CBL in ambasáidí thar lear.

2 *Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthair mheastacháin: €720,000, toradh: €581,000

Ba mar thoradh ar chostais pá a bhí níos ísle ná mar a bhí measta de bharr go raibh moill ar fholúntais foirne a líonadh a raibh easnamh €139,000 ann.

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 249 | 229 |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 14,126 | 12,592 |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 21 | 28 |
| Liúntais eile | 24 | 22 |
| Ragobair | 42 | 38 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,004 | 846 |
| Slándáil shóisialach eachtrach agus costais eile | 380 | 331 |
| **Pá iomlán** | **15,597** | **13,857** |

Nóta Chomh maith leis sin, cuirtear costais na foirne slándála sna misin chun dochair costais shlándála faoi chostais theagmhasacha.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochta ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 2 | 1 | 19,568 | 10,941 |
| Liúntais eile | 8 | — | 6,997 | 5,004 |
| Ragobair | 5 | 2 | 11,286 | 12,191 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | 2 | 15,522 | 17,195 |

## 5.4 Luach saothair eile

Athfhostaíodh 2 státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse ar bhonn táille, ag costas iomlán de €12,200.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €39,421 i leith 25 duine aonair (2017: €Nil, 0 cás). As sin, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i leith €19,849 de maidir le 14 duine aonair.

## 5.6 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíochtaí

Íocadh scaoilíocaíocht arbh ionann é agus €6,046 ar an iomlán le ball foirne amháin a scaoileadh leis le linn na bliana 2018.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí Náisiún Aontaithe agus do ghníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (CFNA) | 7,750 | 7,750 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (CLNA) | 8,200 | 7,200 |
| Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (ACNAD) | 7,500 | 7,500 |
| Ciste Dhaonra na Náisiún Aontaithe | 3,500 | 3,300 |
| Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine | 2,300 | 2,138 |
| UNAIDS | 2,400 | 2,400 |
| Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (CFNAM) | 1,500 | 1,500 |
| Ciste Iontaobhais Ghinearáltana Náisiún Aontaithe | 2,480 | 50 |
| Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | 372 | 471 |
| Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (GNAFO) | 4,000 | 4,000 |
| Ciste Iontaobhais UNEP | 343 | 247 |
| Deonaigh na Náisiún Aontaithe | 500 | 500 |
| Eile – ilghnéitheach | 280 | 204 |
| | **41,125** | **37,260** |

## Nóta 7 Cuntas maoinithe (deontas) dhéthaobhaigh agus chúnamh eile

Cuntas ar na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2018

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 4,713 | 9,570 |
| Deontas | 384,642 | 367,854 |
| Méideanna a aisíocadh i rith na bliana | 2,075 | 1,905 |
| Caiteachas don bhliain | (384,814) | (374,616) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **6,616** | **4,713** |

Nóta Ina theannta sin, ag 31 Nollaig 2018, bhí iarmhéideanna neamhchaite ar luach iomlán €1.2 milliún (2017: €1.4 million) á gcoimeád i gcuntais bhainc agus iad á rialú ag ambasáidí Éireannacha agus oifigí Chúnamh Éireannacha i naoi dtír.